AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998

48340

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(220 marc)

DÉ hAOINE, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT – [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A – GIOTA LEANÚNACH – (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) An aimsir in Éirinn.
(ii) Ríomhairí.
(iii) Lá Fhéile Pádraig.

### B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "D'inis mo thuismitheoirí dom go raibh siad chun ár dteach a dhíol agus teach nua a cheannach i gceantar eile...."

**nó**

(ii) "Ag cur bia ar sheilf a bhí mé san ollmhargadh ina raibh mé ag obair nuair a thit an tseilf anuas ar an urlár..."

### C – LITIR – (60 marc)

(i) Ghortaigh tú do chos agus ní féidir leat cuairt a thabhairt an samhradh seo ar chara leat atá sa Fhrainc. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an gcara sin.

**nó**

(ii) Léigh tú litir sa nuachtán *Foinse* a dúirt nach bhfuil suim ag Éireannaigh óga i gcultúr na hÉireann. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin sin.

### D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Is breá leat féin popcheol ach tá cara leat nach n-éisteann leis ar chor ar bith. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(ii) Tá tú ag caint le garda síochána faoin saol atá aige (aici). Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.



THALL →


## CEIST 2 – LÉAMHTHUISCINT – [100 marc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna __ar fad__ a ghabhann leis.

# IMIRCEACH NÁR THRÉIG A DHÚCHAS





LIAM MAC CNÁIMHÍN

Tá leacht cuimhneacháin ar Broadway a bhfuil inscríbhinn air i nGaeilge, i Laidin agus i mBéarla in onóir do **Liam Mac Cnáimhín** (William McNevin 1763-1841). Láimh le hEachroim i gContae na Gaillimhe a rugadh é; i stair Mheiriceá tá cáil air i gcúrsaí eolaíochta. Ach an bhfuil dearmad déanta ag Éirinn air, an fear seo a bhí ar choiste ceannais na nÉireannach Aontaithe? Ceithre throigh is tríocha ar airde atá an leacht (sa phictiúr), agus is ábhar bróid ag Éireannaigh i Nua-Eabhrac é le fada an lá. Ina cheantar dúchais, áfach, go bhfios dom, níl ainm Mhic Chnáimhín le feiceáil go poiblí ar aon chomhartha eolais.

Bhain daoine de shinsir Mhic Chnáimhín céimíocht amach ar mhór-roinn na hEorpa i gcúrsaí míleata agus i gcúrsaí léinn. Rinne sé féin imirce go dtí an mhór-roinn. Thug sé aghaidh ar Phrág, mar a raibh uncail leis i gceannas ar dhámh an leighis san ollscoil agus ina phríomhdhochtúir ag an mbanríon, Maria Theresa. Ghnóthaigh Mac Cnáimhín céimeanna eolaíochta, leighis agus teangacha, agus chaith sé tréimhse i Vín le traenáil mhíleata - éacht oibre d'fhear chomh hóg leis. Nuair a d'fhill sé ar Éirinn, chuaigh sé i mbun oibre mar dhochtúir i mBaile Átha Cliath. Ach má ba thréan glaoch na heolaíochta agus na dochtúireachta air, ba threise fós air glaoch eile.

Ba é mian a chroí bheith páirteach sa réabhlóid chun an tír a fhuascailt ó dhaorsmacht. Tháinig an lá tubaisteach i Márta na bliana 1798 nuair a gabhadh é féin agus ceannairí eile na nÉireannach Aontaithe i mBaile Átha Cliath. Sa tréimhse sin bhí dlúthbhaint agus comhoibriú aige le **Thomas Addis Emmet**. D'oibrigh siad le chéile ar choiste stiúrtha na nÉireannach Aontaithe; chaith siad bliain i bpríosún Chill Mhaighneann agus trí bliana i bpríosún in Albain; i bPáras dóibh tar éis iad a scaoileadh saor, rinne siad comhiarracht cabhair mhíleata a eagrú sa Fhrainc; faoi dheireadh, chinn siad ar imirce a dhéanamh go Nua-Eabhrac.

Bhí Mac Cnáimhín ag déanamh ar an leathchéad nuair a thosaigh an tréimhse dá shaol inar bhain sé cáil amach mar eolaí. Fuair sé post mar ollamh Ceimice in Ollscoil Nua-Eabhrac. Chomh maith lena chuid scríbhinní eolaíochta, d'fhoilsigh sé roinnt dréachtaí faoi stair na hÉireann. Bliain sula bhfuair sé bás ceapadh é ina phríomhdhochtúir i stát Nua-Eabhrac. D'ainneoin a chuid saothair i gcúrsaí eolaíochta leighis, choinnigh sé oifig d'Éireannaigh i Nua-Eabhrac chun cabhrú leo fostaíocht a fháil.

(i) Cad atá i gceist ag an scríbhneoir nuair a fhiafraíonn sé "*an bhfuil dearmad déanta ag Éirinn air*"? (10 marc)

(ii) Cén sampla a thugtar sa sliocht den "*chéimíocht*" a bhain sinsir Mhic Chnáimhín amach? (10 marc)

(iii) Cad é an "*glaoch eile*" a bhí ar Mhac Cnáimhín? (10 marc)


(iv) Cén comhoibriú a bhí idir Mac Cnáimhín agus Emmet? (10 marc)

(v) Conas a thaispeáin Mac Cnáimhín le linn dó bheith i Meiriceá nár thréig sé a dhúchas? (10 marc)

## B – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# MÍOLTA MÓRA





GRAMPAR

Meán Fómhair seo caite caitheadh i dtír ar thrá in Órán Mór i gCuan na Gaillimhe míol mór (sa phictiúr) den chineál a dtugtar caisealóid air. Bhí an t-ainmhí ollmhór seo 40 troigh ar fad; measadh go raibh meáchan 20 tonna ann. Nuair a tháinig innealtóirí ón gComhairle Chontae chun an cúrsa a phlé, ba é cinneadh a rinne siad an conablach a dhó ar an láthair sin. Níorbh fhurasta é a aistriú ón áit; dá gcuirfí i dtalamh san áit sin é, bheadh baol go dtarlódh truailliú. Mar sin de, clúdaíodh an conablach le cornáin féir agus le boinn rotha, croitheadh díosal air agus cuireadh lasóg leis.

Níl a fhios go cinnte cén fáth a mbíonn caisealóidí agus míolta móra eile le fáil ina luí marbh ar thránna. Mheas daoine in Órán Mór gurbh amhlaidh a chuaigh an chaisealóid ar seachrán. An córas muireolais a cheaptar atá ag na míolta móra, meastar go dteipeann sé orthu uaireanta. Is dóichí, b'fhéidir, go n-iompraíonn tonnta tréana farraige rófhada i dtreo an chladaigh iad nuair a bhíonn siad sa tóir ar scoileanna éisc in uisce tanaí.

Bíonn ar na míolta móra go léir teacht go barr an uisce lena scamhóga a líonadh d'aer. Is í an chaisealóid an tumadóir is fearr orthu ar fad. Bíonn uirthi scíth fhada a thógáil ar bharr an uisce tar éis tumadh fada domhain a dhéanamh. Tugann sé sin deis níos fearr don lucht seilge an chaisealóid a mharú. Sa naoú haois déag bhí éileamh ar dhá tháirge uaithi, an ola agus an fheoil. San aois seo, baintear úsáid speisialta as an ola le haghaidh spásroicéad agus as táirge eile a fhaightear sa chaisealóid le cumhrán a dhéanamh.

Nuair a tosaíodh ar úsáid a bhaint as an ngunna harpúin, bhí na sealgairí in ann na míolta móra is tapúla a mharú. Tosaíodh freisin ar longa monarchan a úsáid lena bpróiseáil amuigh ar an bhfarraige. Sa deireadh, bhí an oiread sin míolta móra á marú gurbh éigean coimisiún idirnáisiúnta a chur ar bun chun an marú a rialú. Ach tá na míolta móra i gcontúirt fós, ní amháin ó na modhanna nua seo, ach ó thruailliú na farraige agus ó na grampair a mharaíonn míolta móra eile. Tá an míol mór gorm, an t-ainmhí is mó dár mhair riamh, i gcontúirt dul in éag. Ba thrua dá gcuirfí deireadh le haon chineál de na hainmhithe seo a bhíonn ag taisteal fharraigí an domhain.

(i) Cad iad na roghanna a bhí ag na hinnealtóirí in Órán Mór? (10 marc)

(ii) Cad é an fáth is mó, dar leis an scríbhneoir, a mbíonn míolta móra le fáil ina luí marbh ar thránna? (10 marc)

(iii) Cén fáth ar fusa an chaisealóid a sheilg ná na míolta móra eile? (10 marc)

(iv) Cén úsáid speisialta a bhaintear as táirgí ón gcaisealóid san aois seo? (10 marc)

(v) Cad iad "*na modhanna nua*" atá i gceist san alt deireanach den sliocht? (10 marc)